RÁITEAS FÁ NA POLASAITHE CUNTASÓIREACHTA

1. Ginearálta

Tá na cuntais ullmhaithe de réir Cód Cleachtais an Chuntasóireachta fá chuntasóireacht údaráis áitiúil, mar a d'athchóirigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an 31 Nollaig 2005. Tá eisceachtaí fá seo luaite i bPolasaithe agus Nótaí na gCuntas.

2. Fabhruithe

Tá na cuntais ioncaim reatha agus caipitil ullmhaithe ar bhonn fabhraithe de réir an Chóid Cleachtais. Níl ach eisceacht amháin ann, sé sin nach bhfuil fabhrú déanta ar iomlán an ioncaim ó Thobhach Forbraíochta. Is é atá ann ná sonraisc d'earraí a tháinig isteach agus fabhrú déanta ar Nótaí Earraí gan mhíniú. Tá eisiúintí ó na stóir agus aistriú innealra san áireamh fosta.

3. Táillí Úis

Is féidir iasachtaí a roinnt sa dá chatagóir seo a leanas:

- Iasachtaí Morgáiste
- Iasachtaí Neamh-Mhorgáiste

3.1 Iasachtaí Morgáiste

Tá ioncam leanúnach ag iasachtaí morgáiste a thagann ó réamhíocaíochtaí fadtéarmacha (i.e. airgead a thug an t-údarás áitiúil do iasachtaithe), le tithe a cheannach. Is é an gné úis amháin a thugtar san áireamh sa chuntas ioncam reatha.

3.2 Iasachtaí Neamh-Mhorgáiste

Tá na cineálacha iasachtaí atá ar fáil faoin ceannteideal seo sonraithe i Nóta 8. Maidir le hiasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais, maoiniú ioncaim, idir-údarás áitiúil, ní bheidh sruth ioncaim comhfhreagrach ag baint leo. Thar am, beidh maoiniú idirlinne ina pháirt den mhaoiniúchán buan. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí faoi cheannteidil eile i Nóta 3. Cuirtear na hiasachtaí seo ar fáil go ginearálta le sócmhainní a cheannach. . Déantar costas aisíoca an bhunairgid a fuarthas ar iasacht agus an t-ús a mhaoiniú tríd an phróiseas buiséid bliantúil. Ag deireadh na bliana airgeadais, tá costas an aisíoca curtha in éadan cúlchiste aisíoca iasachta. Tá an t-aistriú seo istigh sa "Ráiteas Cuntas Ioncaim agus Caiteachais" faoin cheannteideal "aistriú isteach/amach sa chúlchiste".

4. Pinsin

Tá na díolacháin agus na deolchairí curtha in aghaidh an chuntais ioncam reatha sa tréimhse cuntasóireachta ina ndíoltar iad. Áirítear asbhaint i ndáil le sochair aoisliúntais (pinsin Baintreach agus Dílleachtaí san áireamh) sna cuntais ar chostas na dtuarastal agus pá. Tá a leithéid d'asbhaint istigh mar fháltais sa Ráiteas Ioncaim & Caiteachais. Tá cearta pinsin na foirne clúdaithe faoi scéim um shochar sainmhínithe, a bunaíodh faoin Scéim Comhdhlúite Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1998 (agus leasuithe) agus díoltar iad nuair atá siad iníoctha.

5. Forchostais

I struchtúr an chlárghrúpa, tá costais áirithe a d'fhéadfaí a chur in éadan níos mó ná clár amháin. Tá na costais seo sainmhínithe mar Táille Bainistíochta Lárnach (TBL). Tá caiteachas glan an TBL dáilithe ar bhonn caiteachas glan gach clárghrúpa, seachas an CMC (Seirbhísí Tacaíochta) agus agus tá sé curtha isteach faoin fotheideal "Riarachán agus Ilghnéitheach" i ngach Clárgrúpa.

6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile

Tá caiteachas ar sheirbhísí a chuirfear ar fáil d'údaráis áitiúla eile faighte ar ais mar chostas nó de réir comhaontaithe ar leith.

7. Árachas

Bhí farasbarr árachais de €6,500 i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Dhún na nGall don bhliain airgeadais 2005.

8. Soláthar do Dhrochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha

Tá soláthar déanta sna cuntais do Dhrochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha.

9. Sócmhainní Seasta

9.1 Rangú Sócmhainní

Déantar sócmhainní seasta a rangú i gcatagóirí mar atá leagtha amach sa Clár Comhardaithe. Tá briseadh síos breise de réir cineál sócmhainne leagtha amach i nóta 1 leis na cuntais.

9.2 Aitheantas

Tá an caiteachas uilig ar shócmhainní seasta (tógtha nó faighte) curtha le chéile ar bhonn fabhraithe.

9.3 Slat Tomhais

Cuireadh clár comhardaithe, a chlúdaigh iomlán na sócmhainní seasta a bhí ag an údarás áitiúil, isteach sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil den chéad uair sa bhliain 2003. Déanamh na sócmhainní a luacháil de réir an 'Treoir Luachála' a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá iomlán sócmhainní a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 ar aghaidh curtha san áireamh ag a luach stairiúil. San am i láthair, tá polasaithe cuntasóireachta i ndáil le léasanna á bhforbairt agus léireofar iad sna ráiteas airgeadais don bhliain 2006.

9.4 Athluacháil

Mar atá leagtha amach i gCód Cleachtais na Cuntasóireachta, beidh sé mar pholasaí athluacháil a dhéanamh ar shócmhainní, má tá sé oiriúnach, i gceann tréimhsí nach faide ná cúig bliana.

9.5 Diúscairtí

Maidir le sócmhainní indiúscartha, cuirtear an t-ioncam isteach i gcúlchiste ar leith agus úsáidtear é de ghnáth le sócmhainn úr a cheannach. Caithfear ioncam ó dhílachán tithe údaráis áitiúla a úsáid de réir treoir ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúla.

9.6 Dímheas

Sa mhodh cuntasóireachta atá ann san am i láthair, tá costas dímheasa neodraithe trí amúchadh a dhéanamh ar fhoinse mhaoiniúcháin na sócmhainne. Tá tionchar neodrach aige seo ar an Chuntas Ioncaim & Caiteachais agus ar an tséala sin fágtar an costas do dhímheas agus an chreidmheas os a choinne sin ó amúchadh as an áireamh sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais.

Seo a leanas na polasaithe a bhaineann le sócmhainní faoi réir dímheasa:

Cineál Sócmhainn	Bonn	Ráta Dímheasa
Fearas & Innealra		
- **Saol fada**	**S/L**	**10%**
- **Saol gairid**	**S/L**	**20%**
Trealamh	**S/L**	**20%**
Troscán	**S/L**	**20%**
Sócmhainní Oidhreachta		**Tada**
Leabhair Leabharlainne	**S/L**	**20%**
Áiteanna Súgartha Páirceanna	**S/L**	**2%**
Sócmhhainní Uisce	**S/L**	**Saol sócmhainne thar 70 bliain**
- Scéimeanna Uisce	**S/L**	**Saol sócmhainne thar 50 bliain**
- Scéimeanna Draenála		

Ní chuireann An Chomhairle costas ar dímheas an bhliain a díoltar sócmhainn agus cuireann siad costas dímheas bliana iomlán air an bhliain a ceannaítear é.

10. Deontais Rialtais

Tugtar cuntas ar dheontais Rialtais ar bhonn fabhraithe. Cuirtear deontais a fhaightear i gcomhair na feidhmíochta laethúla isteach sa Ráiteas Ioncaim & Caiteachais. Taispeántar deontais maidir le tógáil sócmhainní mar pháirt den ioncam ó obair atá ar siúl. Ar chríochnú don tionscnamh, déantar aistriú ar an ioncam seo isteach i gcuntas caipitlithe.

11. Fuascailt Fiachais

Cuirtear na fáltais ó luathfhuascailt iasachtaí ag iasachtaithe i bhfeidhm, nuair is féidir, ar fhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ón HFA agus OPW.

12. Scéimeanna Léasa

Cuirtear íocaíochtaí cíosa ar bith atá faoi léasanna oibriúcháin, má tá a leithéid ann, mar mhuirear chuig an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Taispeántar sócmhainní a fhaightear de bharr léas airgeadais, más ann dóibh, sna sócmhainní seasta. Taispeántar na suimeanna atá dlite ar iarmhéideanna gan íoc faoi fhiachais reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha.

13. Stoc

Déantar meastóireacht stoic ar bhonn meán-chostais.

Is é an mheastóireacht ar ábhair a théann amach ó na Stóir i gClós Innealra ná an meán-chostas móide táille forchostais athghabhála de 7%.

Tá an stoc tosaigh ag 1 Samhain 2000 (an dáta tosaigh do Agresso) curtha isteach sna Cúlchistí Áirithe Ioncaim Reatha ar an Chlár Comhardaithe.

Ní thugtar creidiúint d'údaráis baile i ndáil le fuílleach stoc. Iompraíonn Comhairle Chontae Dhún na nGall costaisí a gcuid stoc.

14. Obair atá ar Siúl agus Réamhchaiteachas

Is é an obair atá ar siúl agus an réamhchaiteachas an costas iomlán stairiúil de thionscnaimh éagsúla caipitil. Taispeántar an t-ioncam a thagann isteach ó na tionscnaimh seo ar an chlár comhardaithe mar ioncam Obair Atá Ar Siúl.

15. Fiachóirí agus Creidiúnaithe

15.1 Fiachóirí

Ag deireadh na bliana airgeadais, is ionann fiachóirí le hioncam atá dlite ach nach bhfuil faighte go fóill.

15.2 Creidiúnaithe

Ag deireadh na bliana airgeadais, is ionann creidiúnaithe le hairgead iníoctha ar son earraí atá faighte agus seirbhisí atá déanta ach nach bhfuil díolta ar a son go fóill.

16. Ginearálta

Rinneadh gach iarracht cloí leis na Treoirlínte agus na Polasaithe Cuntasóireachta i dtaca le gach uile rud a chur san áireamh sna cuntais. Má tá bearnaí ar bith ann go fóill, agus ní mheastar go mbeidh, diomaite b'fhéidir den Tobhach Forbraíochta (féach uimhir 2 thuas), déanfar iad seo agus nithe eile atá amuigh a shocrú nuair a chríocnófar na cuntais do Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2006.